Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Samhain 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0089(COD)**

**9573/1/20**
**REV 1 ADD 1**

**CONSOM 114**
**MI 232**
**ENT 79**
**JUSTCIV 71**
**DENLEG 45**
**CODEC 626**
**PARLNAT 114**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE<br>- Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>- Arna ghlacadh ag an gComhairle an 4 Samhain 2020 |

## I. RÉAMHRÁ

An 12 Aibreán 2018, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1] atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE chuig an gComhairle, chomh maith le teachtaireacht maidir le *A New Deal for Consumers* [Margadh Nua do Thomhaltóirí] agus togra eile le haghaidh Treoir i ndáil le nuachóiriú rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí[2] (a glacadh in 2019).

Leis an togra seo le haghaidh Treorach, déantar an Treoir maidir le hUrghairí[3] a nuachóiriú agus a ionadú trí bhearta sásaimh a chur ar fáil, chomh maith le bearta urghaire i gcás sáruithe ar dhlí an Aontais a dhéanann difear do ghrúpa tomhaltóirí.

D'eisigh an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim an 20 Meán Fómhair 2018[4]. D'eisigh Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim chomh maith an 10 Deireadh Fómhair 2018[5].

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i mí an Mhárta 2019[6], agus mhol sí 108 leasú ar an togra ón gCoimisiún. Tar éis thoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2019, athcheapadh an rapóirtéir, Geoffroy DIDIER (EPP, FR). An 9 Eanáir 2020 chinn Coiste JURI, atá freagrach as an togra, tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an gComhairle ar bhonn an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.

Thosaigh an Mheitheal um Chosaint agus Faisnéis na dTomhaltóirí ag scrúdú an togra i mí Aibreáin 2018. Scrúdaíodh measúnú tionchair an Choimisiúin le linn na chéad mheithle maidir leis an gcomhad seo. Léirigh an scrúdú a rinneadh go raibh na toscaireachtaí sásta, a bheag nó a mhór, leis na modhanna agus na critéir a bhí sainaitheanta ag an gCoimisiún ina mheasúnú tionchair.

Ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Samhain 2019, tháinig an Chomhairle (Iomaíochas) ar chomhaontú maidir lena cur chuige ginearálta[7], rud a thugann sainordú don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

---

1 7877/18 + ADD 1 - 5.
2 Treoir (AE) 2019/2161 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí (IO L 328, 18.12.2019, lch. 7).
3 Treoir 2009/22/CE maidir le hurghairí chun leasanna tomhaltóirí a chosaint (IO L 110, 1.5.2009).
4 IO C 440, 6.12.2018, lch. 66.
5 IO C 461, 21.12.2018, lch.232.
6 7714/19.
7 14210/19 + ADD 1.

Tionóladh trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha neamhfhoirmiúla an 14 Eanáir, an 2 Márta agus an 22 Meitheamh 2020. Ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach maidir le pacáiste comhréitigh foriomlán.

Tar éis an cur chuige ginearálta a ghlacadh, cuireadh Coiste na mBuanionadaithe ar an eolas faoin dul chun cinn a rinne an Uachtaránacht maidir leis an gcaibidlíocht an 15 Eanáir, an 26 Feabhra, an 4 Márta, an 17 agus an 24 Meitheamh 2020. An 30 Meitheamh 2020, tar éis dó anailís a dhéanamh ar an téacs comhréitigh deiridh d'fhonn teacht ar chomhaontú, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú polaitiúil[8] ar tháinig na comhreachtóirí air an 22 Meitheamh 2020.

An 7 Iúil 2020, d'fhormhuinigh Coiste JURI na Parlaiminte an téacs. An lá céanna, chuir Cathaoirleach Choiste JURI litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar thug sé le fios go raibh sé chun moladh do Choiste JURI agus don Chruinniú Iomlánach, go ndéanfaí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh ar an dara léamh gan leasú, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.

Ar an mbonn sin, an 22 Iúil 2020, chuir Coiste na mBuanionadaithe comhairle ar an gComhairle an comhaontú polaitiúil a fhormheas[9], rud a dheimhnigh an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 21 Meán Fómhair 2020.

## II. CUSPÓIR

Is é is aidhm don Treoir seo muinín tomhaltóirí agus gnólachtaí as an margadh inmheánach a threisiú trí iomaíocht níos cothroime a áirithiú, agus trí fhorfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais a neartú i réimse na cosanta tomhaltóirí. Go sonrach, cuireann an togra ar chumas eintiteas cáilithe, arna n-ainmniú ag na Ballstáit, caingne ionadaíocha a thabhairt chun críche bearta urghaire agus sásaimh araon i gcás sáruithe ar dhlí an Aontais a dhéanann difear do ghrúpa tomhaltóirí. Tagann sé in ionad na Treorach reatha maidir le hUrghairí, agus freagraíonn sé ar an ngá atá le cur chuige cothrománach ón Aontas maidir le comhshásamh, bunaithe ar shraith choiteann prionsabal lena n-urramaítear traidisiúin náisiúnta dlí, agus lena soláthraítear coimircí i gcoinne rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann go mbainfí mí-úsáid astu.

8 9059/20.
9 9592/20 + COR 1 + ADD 1.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### 1. Ábhar agus raon feidhme (Airteagal 1 agus Airteagal 2, chomh maith le hIarscríbhinn I)

Soiléirítear ábhar na Treorach, is é sin lena áirithiú go bhfuil caingne ionadaíocha ar fáil i ngach Ballstát arb é is aidhm dóibh comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, agus déantar soiléiriú freisin ar an ngaol atá aici le rialacha an dlí phríobháidigh idirnáisiúnta atá ann cheana. Thacaigh an Chomhairle leis an gcosaint ó Pharlaimint na hEorpa nár cheart go mbeadh an Treoir ina forais chun cosaint tomhaltóirí a laghdú sna réimsí a chumhdaítear leis na gníomhartha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn I. Tugadh an liosta sin cothrom le dáta agus cumhdaítear leis réimsí amhail seirbhísí airgeadais, taisteal agus turasóireacht, fuinneamh, sláinte, teileachumarsáid agus cosaint sonraí.

### 2. Idirdhealú idir gníomhaíochtaí intíre agus trasteorann (Airteagal 4 agus Airteagal 6, chomh maith leis na sainmhínithe comhfhreagracha in Airteagal 3)

Bhí sé tábhachtach don Chomhairle critéir chomhchoiteanna níos déine a thabhairt isteach chun eintitis cháilithe a ainmniú chun críche gníomhaíochtaí trasteorann agus chun a n-aitheantas frithpháirteach a áirithiú. I gcomhréir le moltaí Pharlaimint na hEorpa, ní mór do na critéir chun eintitis cháilithe a ainmniú chun críche gníomhaíochtaí intíre a bheith comhsheasmhach le cuspóirí na Treorach.

### 3. Caingne ionadaíocha a chistiú (Airteagal 4 agus Airteagal 10)

Bhí ábhair imní ag Parlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht chistiú na n-eintiteas cáilithe, agus bhí sé d'aidhm aici freisin na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc a threisiú. Is é an toradh atá air sin ná athruithe arna gcomhaontú ag an gComhairle maidir le critéir ainmniúcháin níos mionsonraithe, agus maidir le cistiú ó thríú páirtí do chaingne le haghaidh sásaimh. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcoiscfear coinbhleachtaí leasa agus nach ndéanfar an chaingean ionadaíoch a fhaigheann cistiú ó thríú páirtithe a atreorú ó chosaint comhleasanna tomhaltóirí. I gcás ábhar amhrais a bhfuil bonn cirt leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar eintitis cháilithe forléargas airgeadais ar a gcistiú a nochtadh don chúirt nó don údarás riaracháin.

4. Feidhmiú caingne ionadaíocha (Airteagail 7, 8, 9 agus 12)

Bhí sé tábhachtach don Chomhairle feidhmiú na gcaingne ionadaíocha a shoiléiriú a thuilleadh chun trasuí agus cur i bhfeidhm na Treorach a éascú, eadhon trí airteagal ar leith a thabhairt isteach maidir le bearta urghaire. Maidir le Parlaimint na hEorpa, bhí an prionsabal go n-íocann an cailliúnaí ríthábhachtach chun dlíthíocht mhí-úsáideach a chosc. Rinneadh roinnt athruithe agus soiléirithe sa chiall sin, lena n-áirítear deireadh a chur leis an ngá le cinneadh críochnaitheach roimh ré maidir le hurghaire chun bearta sásaimh a eisiúint.

5. Faisnéis maidir le caingne ionadaíocha (Airteagal 13)

I gcás Pharlaimint na hEorpa, bhí sé tábhachtach na forálacha maidir le faisnéis atá dírithe ar thomhaltóirí maidir le caingne ionadaíocha a threisiú. Thacaigh an Chomhairle leis an gcuspóir sin agus mheas sí gur cheart an treisiú sin a dhéanamh ar bhealach comhréireach. Rinneadh na forálacha sin a oiriúnú dá réir.

6. Cúnamh d'eintitis cháilithe (Airteagal 20)

I gcás Pharlaimint na hEorpa, bhí sé ríthábhachtach na forálacha maidir leis an gcúnamh atá ar fáil d'eintitis cháilithe a neartú agus a mhionsonrú. D'aontaigh an Chomhairle go nglacfadh na Ballstáit bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach gcuirfidh na costais cosc ar eintitis cháilithe bearta urghaire nó sásaimh a lorg.

7. An tOmbudsman Eorpach (Airteagal 23(3))

Faoi mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa, leis an téacs ceanglaítear ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar cé acu arbh fhearr aghaidh a thabhairt ar chaingne ionadaíocha trasteorann ar leibhéal an Aontais trí Ombudsman Eorpach a bhunú le haghaidh caingne ionadaíocha do bhearta urghaire agus do bhearta sásaimh.

8. Spriocdhátaí maidir leis an treoir agus na forálacha idirthréimhseacha a thrasuí agus a chur i bhfeidhm (Airteagal 22 agus Airteagal 24)

Agus an togra a chasta is atá, go háirithe i gcás na mBallstát sin nach bhfuil córas le haghaidh caingne ionadaíocha i bhfeidhm acu, bhí sé tábhachtach go dtabharfadh an Chomhairle níos mó ama do na Ballstáit chun an Treoir a thrasuí agus a chur i bhfeidhm (24 agus 30 mí faoi seach).

## IV. CONCLÚID

Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach cóir cothrom a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus í arna héascú ag an gCoimisiún. Tar éis plé fada ar shásra comhshásaimh ar an leibhéal Eorpach, cuireadh creat uile-Aontais ar fáil faoi dheireadh do thomhaltóirí agus do thrádálaithe chun feabhas a chur ar chomhlíonadh na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí, agus chun cur le cothrom na Féinne i measc gnólachtaí.